



**An tÚdarás Rialála
Seirbhísí Dlí**
Legal Services
Regulatory Authority

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

Neamhspleáchas

Nuálaíocht

Cosaint do Thomhaltóirí

Cuntasacht agus Trédhearcacht

Dearbhú


Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

Déantar an Tuarascáil Bhliantúil seo chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus chuig an gComhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas de réir alt 21(1) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.

Fís an Údaráis:

“An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí a fhorbairt ina chomhlacht rialála atá éifeachtúil, éifeachtach agus cuntasach agus a bhfuil an cumas aige leas an phobail agus leasanna tomhaltóirí seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn agus, ag an am céanna, gairm dlí atá neamhspleách, láidir agus iomaíoch agus a chloíonn le hardchaighdeáin ghairmiúlachta agus ionracais a spreagadh.”

Ráiteas Straitéise an Údaráis don tréimhse 2018-2020





Brollach ón gCathaoirleach

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil ón Údarás Rialála Seirbhísí Dlí (an tÚdarás) don bhliain 2018 a chur i láthair. Tá an tuarascáil seo ar an tríú tuarascáil bhliantúil ón Údarás agus tá sí ar an dara ceann ina léirítear na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu ar feadh bliain iomlán.

Sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2018, féachtar siar ar bhliain an-ghnóthach ar lena linn a chríochnaigh an tÚdarás roinnt píosaí tábhachtacha oibre agus a réitigh sé an bealach do roinnt de na hathruithe suntasacha a dhéanfar sa bhliain 2019 ar an dóigh a soláthraítear seirbhísí dlí in Éirinn.

Tréimhse dheacair don Údarás ba ea í, agus rinne an fhoireann feidhmiúcháin bheag a lán oibre crua lena linn.

Áiríodh leis an obair shuntasach a chuir an tÚdarás i gcrích sa bhliain 2018 an t-athbhreithniú a rinneadh ar an oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí sa Stát. Cuireadh an tuarascáil lena mbaineann faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2018. Choimisiúnaigh an tÚdarás athbhreithniú neamhspleách ar na socruithe a bhí ann cheana sa Stát le haghaidh an t-oideachas agus an oiliúint a chur ar dhlí-chleachtóirí, agus na dualgais reachtúla atá air dul i gcomhairle go poiblí maidir leis na socruithe sin agus tuairisc a thabhairt orthu á gcomhlíonadh aige. Moltar roinnt tionscnamh athchóirithe tábhachtach sa tuarascáil a d’eascair as an athbhreithniú, ar tionscnaimh iad a bhféadfadh tionchar forleathan a bheith acu ar an dóigh a soláthraítear an t-oideachas dlí. Déanfar an tuarascáil agus na moltaí atá inti a bhreithniú agus a iniúchadh tuilleadh agus reáchtálfar comhairliúcháin le geallsealbhóirí agus leis an bpobal ina leith thar an mbliain atá le teacht.

Chuir an tÚdarás Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha ar bun le linn na bliana 2018. Níor cheart an obair a bhí i gceist leis an bhfiontar sin a ghanmheas. Mar sin, is mór an chreidiúint d’fhoireann bheag an Údaráis gur éirigh léi córas láidir éifeachtúil a chur i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana le haghaidh abhcóidí cáilithe atá i dteideal seirbhísí dlí a sholáthar sa Stát a chlárú.

Tháinig na comhaltaí den Údarás le chéile cúig huair sa bhliain 2018 agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí eile as an obair chrua agus an caidreamh gníomhach a rinne siad agus as an tiomantas a thaispeáin siad le linn na bliana. Ba ag gach ceann de na cúig chruinniú a tionóladh sa

bhliain 2018 a bhí cláir oibre mhionsonraithe dhúshlánacha a raibh páipéir, tuarascálacha agus rialacháin de chineál an-teicniúil ag gabháil leo. Dá réir sin, ba ghá do na comhaltaí uile den Údarás tabhairt faoi obair ullmhúcháin shuntasach go rialta do na cruinnithe. Thug an tÚdarás aghaidh ar na cúraimí sin ach cur chuige oscailte comhtháite a ghlacadh. Táim buíoch de na comhaltaí as ucht a gcaidrimh agus a spéise i ngach réimse dár gcuid oibre.

Bhí lúcháir orm agus ar Brian Doherty, an Príomhfheidhmeannach, freastal ar chruinniú de chuid an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas i mí Iúil. Thug sé sin deis luachmhar dúinn aird a tharraingt ar an obair a rinne an tÚdarás go dtí sin, breac-chuntas a thabhairt ar a ndéanfaimis amach anseo, na tuairimí ó na comhaltaí den Choiste a chluinstin agus freagra a thabhairt ar aon cheisteanna faoin ról agus faoi na hacmhainní atá againn agus faoin sainchúram atá orainn.

Bliain thábhachtach don Údarás a bheidh sa bhliain 2019. Seolfaimid na creataí le haghaidh Comhpháirtíochtaí Dílíthiúla agus Comhpháirtíochtaí faoi Dhliteanas Teoranta a bhunú, ar samhlacha nua iad le haghaidh seirbhísí dlí a sholáthar in Éirinn. Cuirfimid tús le himscrúdú neamhspleách a dhéanamh ar ghearáin a dhéantar in aghaidh dlí-chleachtóirí freisin. Dhíríomar go mór sa bhliain 2018 ar an mbealach a réiteach do na nithe a dhéanfaimid sa bhliain 2019 agus i dtús na bliana 2020. Bhí an obair sin dúshlánach dúinn, agus sinn inár nÚdarás beag a bhfuil easpa foirne agus acmhainní aige, ach níl aon amhras ann go rachaidh sí chun tairbhe dúinn amach anseo.

Táimid níos gaire anois don Údarás Rialála Seirbhísí Dílí a bhunú ina iomláine ionas go bhféadfaidh sí an raon cuimsitheach feidhmeanna agus dualgas a leagtar air faoin Acht a chomhlíonadh. Tá muinín agam gur chruthaigh an obair a rinneadh sa bhliain 2018 bunsraith dhaingean ar féidir linn forbairt a dhéanamh air.

An Dr Don Thornhill
Cathaoirleach



Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá lúcháir orm an tríú tuarascáil bhliantúil ón Údarás Rialála Seirbhísí Dlí a chur i láthair faoi alt 21 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. Cumhdaítear sa tuarascáil seo an chéad bhliain iomlán inar ghníomhaigh mé mar Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás nua agus is cúis áthais dom go bhfuil an deis agam féachaint siar ar an mbliain. Ba bhliain ghnóthach dheacair í, ach baineadh an-sásamh amach lena linn.

Cuireadh Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha ar bun le linn na bliana. A bhúí leis an obair dhícheallach éifeachtach a rinne an fhoireann bheag san Údarás, bhí níos mó ná dhá mhíle duine d'abhcóidí cleachtacha cláraithe linn faoi dheireadh na bliana. Sa tréimhse sin, dhéileáil an fhoireann le cuid mhór ceistanna éagsúla ó chomhaltaí den ghairm dlí maidir leis an Rolla agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige. Thug Óstaí an Rí agus foireann agus lucht bainistíochta Bharra na hÉireann araon cúnamh luachmhar le linn an phróisis sin. Thug foireann Óstaí an Rí cúnamh don Údarás cáilíochtaí na n-iarratasóirí ar chlárú a fhíorú. Ag an am céanna, scaip lucht bainistíochta agus foireann Bharra na hÉireann foirmeacha iarratais thart agus thug siad an t-eolas is deireanaí dá gcuid comhaltaí. Ba mhór ag foireann an Údaráis an cúnamh sin ar fad.

Tugadh aighneacht don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le linn na bliana freisin maidir leis an oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí. Fuair mé misneach ón mórspéis a thaispeáin dlí-chleachtóirí, mic léinn dlí, gníomhaireachtaí Stáit agus neamh-Stáit agus an pobal i gcoitinne san ábhar agus an tuarascáil á hullmhú. Fuaireamar 38 n-aighneacht i scríbhinn maidir leis an oideachas dlí agus bhí beagnach 700 duine ann a chomhlánaigh ceistneoir dúinn nó a ghlac páirt in agallamh linn. Chinntigh an méid sin ar fad go raibh an tuarascáil bunaithe ar raon leathan tuairimí agus ar thacar méithshonraí. Táimid an-bhuíoch de na daoine uile a ghlac páirt sa phróiseas agus tá buíochas ar leith le gabháil leo sin a thug aighneacht i scríbhinn, a chomhlánaigh ceistneoir nó a ghlac páirt in agallamh mar chuid den phíosa tábhachtach taighde seo. Tá cuid mhór oibre le déanamh againn go fóill agus rachaimid i dteagmháil le gairmithe dlí agus le tomhaltóirí sa bhliain atá romhainn chun cur lena ndearnadh cheana féin.

Bhí lúcháir orm bheith in ann freastal ar roinnt imeachtaí le linn na bliana. Thug sé sin deis dom bualadh le comhaltaí den ghairm dlí agus leis an bpobal agus labhairt faoin obair a dhéanann an

tÚdarás agus faoi na nithe atá beartaithe againn a dhéanamh amach anseo. Táim an-bhuíoch de na Comhlachais Bharra ar fud na tíre a thug cuireadh dom bualadh lena gcuid comhaltaí agus táim buíoch de Smith agus Williamson as deis a thabhairt dom labhairt ag seoladh an tseachtú suirbhé bliantúil uaidh ar ghnólachtaí dlí. Ba mhór an t-ardú croí é gur cuireadh tuairimí dearfacha in iúl arís agus arís eile maidir le hobair an Údaráis. Malartaíodh tuairimí neamhbhalbha maidir le topaicí áirithe ó am go chéile freisin. Tá an comhphlé folláin oscailte sin ar fad ag teacht le tiomantas an Údaráis do bheith Trédhearcach agus Cuntasach ina ghníomhaíochtaí uile.

Táim buíoch arís eile d'fhoireann agus lucht bainistíochta an Dlí-Chumainn, Bharra na hÉireann agus Chumann Onórach Óstaí an Rí as a gcuid caidrimh agus cúnamh le linn na bliana. Leagann an tÚdarás éilimh go leanúnach ar acmhainní an Dlí-Chumainn, Chomhairle an Bharra agus Óstaí an Rí mar thoradh ar an ardleibhéal comhairliúcháin leis an bpobal agus le comhlachtaí gairmiúla a theastaíonn chun gur féidir leis an Údarás na feidhmeanna neamhspleácha atá aige a chomhlíonadh. Bhí gach ceann de na comhlachtaí gairmiúla an-fhial faoina gcuid ama, léargais agus acmhainní. Ghlac siad páirt dhíograiseach i ngach próiseas comhairliúcháin, agus neamhspleáchas an Údaráis á urramú acu lena linn.

Mar fhocal scoir, táim go mór faoi chomaoin ag foireann bheag an Údaráis a d'oibrigh go ríchrúa chun sárú a dhéanamh ar na dúshláin uile a tháinig chun cinn le linn na bliana agus údarás rialála nua á fhorbairt againn. Is foireann bheag an-éifeachtach í agus thug sí aghaidh ar gach cúram nua ar bhealach díograiseach teanntásach.

Gabhaim buíochas ó chroí le gach duine den fhoireann.

An Dr Brian J. Doherty
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Cuid a hAon: An tÚdarás

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (an tÚdarás) an 1 Deireadh Fómhair 2016 de bhua I.R. Uimh. 507 de 2016 de réir alt 7 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Acht 2015).

Comhlacht corpraithe a bhfuil comharbas suthain agus séala aige is ea an tÚdarás. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Rúnaí don Údarás agus foireann feidhmiúcháin bheag a chuireann an fheidhm feidhmiúcháin i gcrích.

Tá an tÚdarás comhdhéanta de 11 Chomhalta a ainmnítear de réir alt 9 d'Acht 2015. Tá móránh agus cathaoirleach tuata ag an Údarás. Ceapann an Rialtas na comhaltaí den Údarás tar éis ainmniúcháin a fháil ó dheich n-eagraíocht. Dearadh an próiseas ainmniúcháin sin chun neamhspleáchas an Údaráis a chinntiú agus, ag an am céanna, cothromaíocht inscne agus leasanna a bhaint amach idir dlí-chleachtóirí agus na tomhaltóirí sin a bhaineann leas as seirbhísí dlí-chleachtóirí. Is iad seo a leanas na heagraíochtaí ainmniúcháin:

Eagraíocht	An Líon Ainmniúchán
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	1
An tÚdarás um Ard-Oideachas	1
An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	1
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	1
Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí	1
Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann	1
Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann)	1
An Bord um Chúnamh Dlíthiúil	1
Cumann Onórach Óstaí an Rí	1
An Dlí-Chumann	2

Le linn dó duine a cheapadh mar chomhalta den Údarás, ní mór gur deimhin leis an Rialtas go bhfuil eolas agus saineolas aige nó aici ar cheann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas:

- Seirbhísí dlí a sholáthar,
- An t-oideachas dlí agus an oiliúint dlí,
- An dlí iomaíochta agus an beartas iomaíochta,
- Caighdeáin a chothabháil i ngairmeacha a ndéanann comhlacht reachtúil rialáil orthu,
- Nithe gnó agus tráchtála,
- Na riachtanais atá ag tomhaltóirí seirbhísí dlí.

Ba iad seo a leanas na comhaltaí den Údarás sa bhliain 2018:

Comhalta den Údarás	Eagraíocht	Téarma Ceapacháin ¹
Angela Black	An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	4 Bliana
Don Thornhill (Cathaoirleach)	An tÚdarás um Ard-Oideachas	4 Bliana
Deirdre McHugh	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	3 Bliana
Gerry Whyte	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	4 Bliana
Stephen Fitzpatrick	Institiúid na gCuntasóirí Costas Dí	3 Bliana
Dermott Jewell	Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann	3 Bliana
Sara Moorhead ²	Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann)	3 Bliana
Joan Crawford	An Bord um Chúnamh Dílthiúil	4 Bliana
Eileen Barrington	Cumann Onórach Óstaí an Rí	4 Bliana
James MacGuill	An Dí-Chumann	4 Bliana
Geraldine Clarke	An Dí-Chumann	3 Bliana

Tháinig an tÚdarás le chéile cúig huair sa bhliain 2018. Foilsítear ar shuíomh Gréasáin an Údaráis na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Údaráis.

Ghlac an tÚdarás an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2016 agus chuir sé tús leis na forálacha iomchuí den Chód a chur chun feidhme le linn na bliana 2017. Sa bhliain 2018, chuir an tÚdarás na chéad Ráitis Airgeadais uaidh don tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair 2016 go mí na Nollag 2017 faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh. An 21 Nollaig 2018, thuiriscigh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste gur tugadh sna Ráitis Airgeadais ón Údarás léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas ón 1 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 31 Nollaig 2017 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102.

Thug an tÚdarás faoi chleachtaí soláthair sa bhliain 2018, bunaithe ar an gcomhairle agus ar an gcúnamh a fuarthas ón Oifig um Sholáthar Rialtais. Baineadh leas as na Creataí Uile-Rialtais a bhí ann cheana le linn na gcleachtaí soláthair.

Agus cúnamh á fháil acu ó fhoireann bheag, is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Rúnaí don Údarás a chuireann feidhm feidhmiúcháin an Údaráis i gcrích. Is é an Dr Brian Doherty an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus is é Ultan Ryan an Rúnaí don Údarás.

Faoi alt 21(1) d'Acht 2015, déanfaidh an tÚdarás, tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain, tuarascáil (dá ngairfear an Tuarascáil Bhliantúil) chuig an Aire agus chuig an gComhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas, nó chuig aon Chomhchoiste Oireachtais a ghlacfaidh áit an Choiste sin, maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna le linn na bliana roimhe sin.

¹ Faoi alt 10 d'Acht 2015, déanfaidh cúigear de na comhaltaí den Údarás, a roghnófar trí chrannchur, oifig a shealbhú ar feadh tréimhse 3 bliana. Déanfaidh na comhaltaí eile, an Cathaoirleach ina measc, oifig a shealbhú ar feadh tréimhse 4 bliana.

² Ceapadh Sara Moorhead chuig an Údarás i mí na Bealtaine 2018 tar éis David Barniville a cheapadh chun na hArd-Chúirte.

Beidh an tuarascáil bhliantúil i cibé foirm, agus beidh inti faisnéis a bhaineann le cibé nithe, is cuí leis an Údarás. Cuirtear an tuarascáil bhliantúil seo isteach i gcomhréir le halt 21(1) d’Acht 2015.

Cuid a Dó: An Misean, na Cuspóirí, na Luachanna agus na Feidhmeanna atá againn

An Misean atá againn:

“Déanfaidh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí an soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus cinnteoidh sé go ndéanfar caighdeáin a chothabháil agus a fheabhsú sa dóigh a soláthraítear seirbhísí dlí sa Stát.”

Arna oiriúnú ó alt 13(1) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015

Na Sé Chuspóirí Reachtúla atá againn:

Déanfaidh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí na nithe seo a leanas³

- (1) Leas an phobail a chosaint agus a chur chun cinn.
- (2) Tacú le riar cuí éifeachtach an cheartais.
- (3) Leasanna tomhaltóirí a bhaineann leis an soláthar seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn.
- (4) Iomaíocht a chur chun cinn sa soláthar seirbhísí dlí sa Stát.
- (5) Gairm dlí atá neamhspleách, láidir agus éifeachtach a spreagadh.
- (6) Comhlíonadh na bprionsabal gairmiúil do dhlí-chleachtóirí atá sonraithe in Acht 2015 a chur chun cinn agus a chothabháil.⁴

Na Ceithre Bhunluach atá againn:

Is iad na ceithre bhunluach atá againn a threoróidh obair an Údaráis mar chomhlacht seirbhíse poiblí:

1. Neamhspleáchas
2. Cosaint do Thomhaltóirí
3. Nuálaíocht
4. Trédhearcacht agus Cuntasacht

³ De réir alt 13(4) d’Acht 2015

⁴ Is iad seo a leanas na prionsabail ghairmiúla do dhlí-chleachtóirí, de réir alt 13(5) d’Acht 2015:

- (a) Maidir le dlí-chleachtóirí,
 - (i) gníomhóidh siad le neamhspleáchas agus le hionracas,
 - (ii) gníomhóidh siad le barr leasa a gcliant,
 - (iii) déanfaidh siad caighdeáin chúí oibre a chothabháil,
- (b) déanfaidh dlí-chleachtóirí a fheidhmeoidh ceart éisteachta os comhair aon chúirte, nó a sheolfaidh dlíthíocht i dtaca le himeachtaí in aon chúirt de bhua iad a bheith ina ndlí-chleachtóirí, cibé dualgais a bheidh ag dul go cuí don chúirt a chomhlíonadh, agus
- (c) déanfar, faoi réir aon oibleagáide gairmiúla a bheidh ar dhlí-chleachtóir, lena n-áireofar aon oibleagáid a bheidh air nó uirthi mar oifigeach don chúirt, gnóthaí cliant a choimeád faoi rún.

Na hAon Phríomhfheidhm Déag atá againn:

Cuirfidh an tÚdarás na feidhmeanna sonracha seo a leanas i gcrích mar chuid den ról atá aige:

- (1) Na nithe seo a leanas a choimeád faoi athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh don Aire ina leith:
 - a. na ceanglais iontrála atá i bhfeidhm ag an Dlí-Chumann, ag Comhairle an Bharra agus ag Cumann Onórach Óstaí an Rí;
 - b. an fháil ar an oideachas agus an oiliúint, lena n-áirítear an oiliúint leanúnach, d'aturnaetha agus abhcóidí agus cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna sin;
 - c. na beartais atá i bhfeidhm ag an Dlí-Chumann, ag Comhairle an Bharra agus ag Cumann Onórach Óstaí an Rí i dtaca leis an iontráil agus/nó an teidlíocht chun cleachtadh;
 - d. cóid ghairmiúla;
 - e. an dóigh a n-eagraítear an soláthar seirbhísí dlí sa Stát.
- (2) Faisnéis a scaipeadh faoi cheanglais oideachais agus chreidiúnaithe agus faoi aon nithe eile dá dtagraítear thuas, de réir mar is cuí leis an Údarás.
- (3) An cineál agus na leibhéil íosta árachais slánaíochta gairmiúla a theastaíonn a shonrú.
- (4) Córas imscrúdaithe ar dhlí-chleachtóirí a bhunú agus a riar chun críocha an Achta.
- (5) Gearáin in aghaidh dlí-chleachtóirí a fháil agus a imscrúdú.
- (6) Rolla na n-abhcóidí cleachtacha a bhunú agus a chothabháil.
- (7) Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i ndáil le seirbhísí dlí, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin.
- (8) An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí i leith seirbhísí dlí a sholáthar, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin.
- (9) An tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí i leith seirbhísí dlí a sholáthar agus moltaí a dhéanamh chun cuidiú leis an Aire chun beartas a chomhordú agus a fhorbairt.
- (10) Tabhairt faoi thionscadail taighde agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le seirbhísí dlí a sholáthar, nó tionscadail agus gníomhaíochtaí den sórt sin a choimisiúnú nó cuidiú leo, ar nithe iad a d'fhéadfadh feasacht an phobail a mhéadú agus feabhas a chothú sna caighdeáin a leantar le linn seirbhísí dlí a sholáthar, agus moltaí a dhéanamh don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
- (11) Aon fheidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht nó le rialacháin arna ndéanamh faoin Acht a chomhlíonadh.

Cuid a Trí: Achoimre ar na Príomhghníomhaíochtaí sa bhliain 2018

30 Eanáir 2018	Reáchtáladh ceardlann maidir le Dlí-Chleachtóirí agus maidir le Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha i gcomhar le Barra na hÉireann.
15 Feabhra 2018	Rinneadh an Plean Straitéiseach ón Údarás don tréimhse 2018-2020 a athbhreithniú agus a cheadú ag an 10ú cruinniú de chuid an Údaráis. Chomh maith leis sin, cheadaigh an tÚdarás doiciméad ina leagtar amach Téarmaí Tagartha an Údaráis agus cheadaigh sé tosú an athbhreithnithe ar oibriú Acht 2015, mar a cheanglaítear faoi alt 6.
21 Feabhra 2018	Reáchtáladh ceardlann maidir le Dlí-Chleachtóirí agus maidir le Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha i gcomhar le Cumann Onórach Óstaí an Rí.
06 Márta 2018	Tionóladh cruinniú le Breithneoir Neamhspleách an Dlí-Chumainn.
08 Márta 2018	Reáchtáladh Lá Pleanála Straitéisí maidir le Comhpháirtíochtaí Dlíthiúla.
03 Aibreán 2018	Cuireadh an Plean Straitéiseach ón Údarás don tréimhse 2018-2020 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
19 Aibreán 2018	Ceadaíodh na Ráitis Airgeadais don bhliain 2017 ag an 11ú cruinniú de chuid an Údaráis. Thug an tÚdarás ceadú Hook Tangaza a fhostú chun cabhrú le tuarascáil a ullmhú faoi alt 34 ar an oideachas agus an oiliúint dlí. Ceadaíodh Cód Iompair d’Fhoireann an Údaráis agus ceapadh Stephen Fitzpatrick mar Chathaoirleach ar Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis.
24 Aibreán 2018	Reáchtáladh Ceardlann Leathlae maidir leis an Oideachas agus an Oilíúint Dlí i gcomhar le Hook Tangaza.
04 Bealtaine 2018	Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí ar an oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí.
31 Bealtaine 2018	Tionóladh cruinnithe le Dlí-Chumann an Deiscirt agus le Comhlachas Barra Chorcaí Thiar.
1 Meitheamh 2018	Tionóladh cruinniú le Dlí-Chumann Chiarraí.
8 Meitheamh 2018	Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí ar an athbhreithniú ar oibriú Acht 2015.
15 Meitheamh 2018	Dúnadh an comhairliúchán poiblí ar an oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí.
28 Meitheamh 2018	Ag an 12ú cruinniú de chuid an Údaráis, tugadh an t-eolas is deireanaí faoin athbhreithniú ar an oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí agus faoin athbhreithniú ar oibriú Acht 2015. Ceadaíodh na Téarmaí Tagartha agus an Chairt do Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis.

29 Meitheamh 2018	Cuireadh tús le Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a bhunú (I.R. Uimh. 228 de 2018).
04 Iúil 2018	Láithrigh an Cathaoirleach agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an Údarás os comhair an Chomhchoiste Formhaoirseachta Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas.
05 Iúil 2018	Tionóladh cruinniú le Comhlachas Barra na Gaillimhe.
06 Iúil 2018	Tionóladh cruinniú le Comhlachas Barra an Chláir.
11 Iúil 2018	Tionóladh cruinniú le Comhlachas Barra Luimnigh.
13 Iúil 2018	Síníodh Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorporáidigh idir an tÚdarás agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
13 Iúil 2018	Tionóladh an chéad chruinniú de chuid Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis.
27 Iúil 2018	Dúnadh an comhairliúchán poiblí ar an athbhreithniú ar oibriú Acht 2015.
03 Lúnasa 2018	Tionóladh cruinniú le Comhlachas Barra Inis Eoghain.
24 Lúnasa 2018	Tionóladh cruinniú le Comhlachas Barra Leitir Ceanainn.
29 Lúnasa 2018	Tugadh an t-eolas is deireanaí don Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoin dul chun cinn ar na moltaí ón Athbhreithniú ar Rialachas agus ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais a rinneadh sa bhliain 2017.
6 Meán Fómhair 2018	Ag an 13ú cruinniú de chuid an Údaráis, rinneadh an tuarascáil faoi alt 34 maidir leis an oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí a cheadú lena cur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar an dréacht-tuarascáil a ullmhaíodh faoi alt 6 maidir le hoibriú Acht 2015 freisin.
13 Meán Fómhair 2018	Síníodh Meabhrán Tuisceana idir Óstaí an Rí agus an tÚdarás ionas go bhféadfaí an fhaisnéis a bheadh ag teastáil do Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chomhroinnt.
17 Meán Fómhair 2018	Tugadh cur i láthair don Bhanc Ceannais.
21 Meán Fómhair 2018	Reáchtáladh ceardlann maidir le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla do Chomhpháirtíochtaí Dlíthiúla agus do Chomhpháirtíochtaí faoi Dhliteanas Teoranta.
28 Meán Fómhair 2018	Cuireadh an Tuarascáil maidir leis an Oideachas agus an Oiliúint a Chuirtear ar Dhlí-Chleachtóirí (Alt 34) faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

- 28 Meán Fómhair 2018 Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí ar an gCód Cleachtais d'Abhcóidí Cleachtacha.
- 12 Deireadh Fómhair 2018 Tionóladh an dara cruinniú de chuid Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis.
- 26 Deireadh Fómhair 2018 Dúnadh an comhairliúchán poiblí ar an gCód Cleachtais d'Abhcóidí Cleachtacha.
- 1 Samhain 2018 Cuireadh tús le comhairliúchán ar na dréacht-Rialacháin maidir le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla.
- 15 Samhain 2018 Ag an 14ú cruinniú de chuid an Údaráis, rinne sé breithniú agus plé ar na dréachtrialacháin maidir le Comhpháirtíochtaí Dílíthiúla agus Comhpháirtíochtaí faoi Dhliteanas Teoranta a oibriú agus a bhainistiú. Rinne sé breithniú freisin ar na dréacht-Rialacháin maidir le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla agus ar dhréacht-Chód Cleachtais d'Aturnaetha Cleachtacha.
- 16 Samhain 2018 Cuireadh tús le comhairliúchán ar na dréachtrialacháin maidir le Comhpháirtíochtaí Dílíthiúla agus Comhpháirtíochtaí faoi Dhliteanas Teoranta a oibriú agus a bhainistiú.
- 14 Nollaig 2018 Dúnadh an comhairliúchán ar na dréacht-Rialacháin maidir le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla.
- 14 Nollaig 2018 Dúnadh an comhairliúchán ar na dréachtrialacháin maidir le Comhpháirtíochtaí Dílíthiúla agus Comhpháirtíochtaí faoi Dhliteanas Teoranta a oibriú agus a bhainistiú.
- 28 Nollaig 2018 Tháinig an Chéim Bunaithe Sé Mhí do Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha chun deiridh.
- 31 Nollaig 2018 Cuireadh Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha don Bhliain Airgeadais 2018 i gcrích.

Cuid a Ceathair: An Tuarascáil maidir leis an Oideachas agus an Oiliúint Dlí

Faoi alt 34 d'Acht 2015, ceanglaíodh ar an Údarás tuarascáil a thabhairt don Aire faoin 30 Meán Fómhair 2018⁵ maidir leis an oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí sa Stát agus maidir leis na socrúithe oiliúna leanúnaí atá i bhfeidhm dóibh, lena n-áirítear faisnéis faoin modh ina soláthraítear an t-oideachas agus an oiliúint sin.

Ceanglaíodh le halt 34 freisin gurb amhlaidh, maidir leis an tuarascáil:

- go ndéanfaí inti athbhreithniú ar na socrúithe atá ann cheana don oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí, agus
- go ndéanfaí inti cibé moltaí is cuí leis an Údarás maidir leis na socrúithe ar cheart, i dtuairim an Údaráis, iad a bheith i bhfeidhm don oideachas agus an oiliúint a sholáthar, lena n-áirítear na socrúithe ar cheart iad a bheith i bhfeidhm do chomhlachtaí oideachais agus oiliúna a chreidiúnú.

Ceanglaíodh na nithe seo a leanas a chur ar áireamh sa tuarascáil freisin:

- aon mholtaí cuí i dtaca leis na caighdeáin chúí oideachais agus oiliúna le haghaidh cáilíochtaí gairmiúla dlí,
- na socrúithe a theastaíonn chun comhlíonadh na gcaighdeán sin a chinntiú,
- raon feidhme agus ábhar an churaclaim atá mar chuid de chúrsaí oideachais ghairmiúil dlí agus de chúrsaí oiliúna gairmiúla dlí,
- na socrúithe lena gcabhrófaí le híoslaghdu a dhéanamh ar an dúbailt agus ar an gcostas a bhaineann le scrúduithe dlí a dhéanamh, agus
- na caighdeáin a theastaíonn le haghaidh cáilíochtaí gairmiúla dí a dhámhachtain.

TUARASCÁIL ALT 34 MAIDIR LEIS AN OIDEACHAS AGUS AN OILIÚINT DLÍ

Ag teacht sna sála ar chomhairliúchán poiblí, chuir an tÚdarás tuarascáil faoi alt 34 maidir leis an oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí sa Stát isteach an 28 Meán Fómhair 2018. Áiríodh leis an tuarascáil 14 mholadh a leag an fhoireann athbhreithnithe ó Hook Tangaza amach. Ba iad seo a leanas na moltaí ón bhfoireann athbhreithnithe:

1. Ba cheart na hinniúlachtaí agus na caighdeáin a theastaíonn chun cleachtadh mar aturnaí nó abhcóide a shainiú go soiléir d'aturnaetha agus abhcóidí araon.
2. Ba cheart don Údarás ról agus freagrachtaí na ngeallsealbhóirí sa chóras oideachais agus oiliúna dlí a athchóiriú ach Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí a bhunú. Bheadh an Coiste sin freagrach as an ráiteas inniúlachta a leagan síos agus as sainiú a dhéanamh ar na caighdeáin a bhainfeadh dlí-chleachtóirí amach ar a gcáiliú. Cheanglódh an Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí ar sholáthraithe oideachais dlí atá ann cheana a thaispeáint conas a chomhlíonann siad na caighdeáin agus thabharfadh sé deis do sholáthraithe nua a mhíniú conas a d'fhéachfadh siad leis na caighdeáin a chomhlíonadh.
3. Ba cheart creat creidiúnaithe agus bailíochtaithe a fhorbairt don oideachas agus an oiliúint dlí.
4. Ba cheart na cláir de chuid soláthraithe atá ann cheana agus soláthraithe nua a chreidiúnú in aghaidh an chreata inniúlachta.
5. Ba cheart comhlíonadh na gcaighdeán a chinntiú ach modheolaíochtaí measúnaithe a chur i bhfeidhm.

⁵ Ceanglaíodh le halt 34(3) d'Acht 2015 go dtabharfaí an tuarascáil maidir leis an oideachas agus an oiliúint dlí don Aire laistigh de 2 bhliain ó dháta bunaithe an Údaráis, ba é sin, an 1 Deireadh Fómhair 2016.

Mar aon lena chuid acmhainní féin a úsáid, d'fhostaigh an tÚdarás sainfhoireann chun tabhairt faoin taighde a bhí ag teastáil, chun an cleachtadh comhairliúcháin phoiblí a bhainistiú agus chun tuairisc a thabhairt don Údarás ar a cuid fionnachtana.

Bhí an fhoireann athbhreithnithe comhdhéanta de cheathrar comhaltaí: Alison Hook, Stiúrthóir ar Hook Tangaza; an tOllamh Scott Slorach, Ollscoil York; an tOllamh Nigel Savage, Savage Hutkinson Consulting; agus Katherine Bird, Hook Tangaza.

Ceanglaíodh le halt 34 ar an Údarás “próiseas cuí comhairliúcháin phoiblí” a sheoladh, agus thug an tÚdarás faoin gcomhairliúchán reachtúil lena mbaineann idir an 4 Bealtaine 2018 agus an 15 Meitheamh 2018. Foilsíodh fógra comhairliúcháin phoiblí ar shuíomh Gréasáin an Údaráis agus dáileadh é le ríomhphost ar 187 n-eagraíocht dhifriúla. Fuarthas ocht n-aighneacht is tríocha san iomlán. Áiríodh leo sin na freagraí a fuarthas uathu seo a leanas: an Garda Síochána; Cumann na mBreithiúna in Éirinn; Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí; an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí; Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta; Cumainn Tomhaltóirí; agus Comhlachais Bharra⁶. Fuarthas aighneachtaí ó dhaoine aonair agus ó na mórghnólachtaí aturnaetha atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath freisin. Ina theannta sin, fuarthas aighneachtaí ó na trí chomhlacht ghairmiúla do dhlí-chleachtóirí, mar a shainmhínítear le hAcht 2015: Barra na hÉireann; Cumann Onórach Óstaí an Rí; agus Dlí-Chumann na hÉireann.

Chruthaigh foireann athbhreithnithe Hook Tangaza suíomh Gréasáin tiomnaithe don athbhreithniú ar an oideachas agus an oiliúint dlí in Éirinn. Chomh maith leis sin, scaip an fhoireann suirbhéanna thart chun tuairimí a fháil ó mhic léinn dlí, ó aturnaetha agus abhcóidí faoi oiliúint, ó phríomhoidí oiliúna i mórghnólachtaí, ó mháistrí daltaí agus ó aturnaetha inmheánacha. Seoladh ollsuirbhé ar thomhaltóirí seirbhísí dlí freisin. Chun na suirbhéanna sin a fhorlónadh, chuathas i mbun sraith díospóireachtaí comhchéime leis na comhlachtaí gairmiúla agus rinneadh agallaimh aghaidh ar aghaidh agus agallaimh thar an teileafón le daoine aonair tábhachtacha.

TUARASCÁIL ALT 34 MAIDIR LEIS AN OIDEACHAS AGUS AN OILIÚINT DLÍ

Na príomh-mholtaí (ar lean):

6. Ba cheart don Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an oideachais agus na hoiliúna dlí. Ba cheart ceanglas a chur ar sholáthraithe oideachais agus oiliúna dlí próisis leanúnacha dearbhaithé cáilíochta a chothabháil.
7. Ba cheart an iontráil i gclár oideachais dlí-chleachtóirí a bheith bunaithe ar inniúlachtaí sonraithe a bhaint amach de réir caighdeáin shainithe.
8. Ba cheart don Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí tacar coiteann inniúlachtaí agus caighdeán a fhorbairt don iontráil sa Chúrsa Cleachtaidh Ghairmiúil agus sna cláir chéime abhcóide dlí atá ann cheana.
9. Maidir le céimithe nach céimithe dlí iad, ba cheart bealach eile a thabhairt dóibh chun dul isteach sa ghairm, seachas trí FE-1 (an Scrúdú Deiridh – an Chéad Chuid) amháin.
10. Is é an toradh a bheidh ar na bealaí eile i dtreo cáiliú ná go spreagfar éagsúlacht agus go méadófar rochtain.
11. Ba cheart na freagrachtaí iontrála atá ar chomhlachtaí gairmiúla a scaradh ón soláthar clár oideachais.
12. Ba cheart na socrúithe aistrithe idir na gairmeacha a athbhreithniú a luaithe a bheidh creat inniúlachta nua i bhfeidhm.

⁶ Is féidir an liosta iomlán de na freagraithe don chomhairliúchán reachtúil a fháil ar leathanach 168 den tuarascáil ó Hook Tangaza, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis ag www.lsra.ie

San iomlán, thug 730 ceann d’eagraíochtaí agus daoine aonair difriúla fianaise don fhoireann athbhreithnithe.

Chuir foireann athbhreithnithe Hook Tangaza an tuarascáil uathí faoi bhráid an Údaráis i mí Lúnasa 2018. Tháinig an fhoireann athbhreithnithe ar fhianaise:

- go bhfuil easpa soiléire ann maidir leis na hinniúlachtaí a theastaíonn ó aturnaetha agus abhcóidí,
- gurb ann do bhacainní indéreacha ar dhul isteach sna gairmeacha,
- gurb ann do dhúbailt nach gá san fhoghlaim agus sa mheasúnú,
- nach bhfuil na scileanna a theagasctar i gcúrsaí reatha cáilíochta gairmiúla ag teacht leis na riachtanais atá ag úsáideoirí seirbhísí dlí,
- gurb ann do bhearnaí cáilíochta áirithe, agus
- gur beag formhaoirseacht neamhspleách a dhéantar ar an gcóras oideachais agus oiliúna dlí-chleachtóirí.

Chuir an fhoireann athbhreithnithe 14 mholadh faoi bhráid an Údaráis lena mbreithniú. Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá leis na moltaí sin:

- inniúlacht ghairmiúil dlí a shainiú go soiléir,
- a chinntiú go ndearfar an creat inniúlachta nua ar bhealach a fhreastalóidh ar riachtanais na ngeallsealbhóirí uile,
- deireadh a chur le bacainní ar rochtain,
- dúbailt agus costais a laghdú san fhoghlaim, agus
- a chinntiú go ndéanfar formhaoirseacht neamhspleách leanúnach ar an oideachas agus an oiliúint dlí a sholáthraítear sa Stát.

Iniúchadh a Dhéanamh ar an mBealach Chun Cinn

Rinne an tÚdarás breithniú ar an tuarascáil athbhreithnithe ó Hook Tangaza agus chuir sé an tuarascáil sin agus an tuarascáil uaidh féin faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an 28 Meán Fómhair 2018.

Luaigh an tÚdarás na nithe seo a leanas sa tuarascáil uaidh:

- leagadh amach sa tuarascáil taighde cás mionsonraithe le haghaidh athchóiriú a dhéanamh ar an oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí,

TUARASCÁIL ALT 34 MAIDIR LEIS AN OIDEACHAS AGUS AN OILIÚINT DLÍ

Na príomh-mholtaí (ar lean):

13. Ba cheart an próiseas le haghaidh aistrithe agus comhaontuithe eachtracha (lasmuigh den Aontas Eorpach) a mheasúnú in aghaidh an chreata inniúlachta nua, a luaithe a bheidh sé i bhfeidhm.
14. Ba cheart clár forbartha gairmiúla leanúnaí a nascadh le creataí agus caighdeáin inniúlachta.

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag www.lsr.ie

- bheadh cumas ag na moltaí, dá gcuirfí chun feidhme iad, difear suntasach a dhéanamh don oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí agus don mhórearnáil seirbhísí dlí, agus
- bheadh athrú reachtach ag teastáil freisin.

Chuir an tÚdarás in iúl nár cheart athrú chomh suntasach sin a dhéanamh ach amháin tar éis dul i mbun breithniú cúramach agus díospóireacht eolach ar gach ceann de na moltaí don athrú, ar a gcur chun feidhme beartaithe agus ar an tionchar a bheadh acu.

Mar fhocal scoir, dúirt an tÚdarás go ndéanfadh sé na moltaí deiridh uaidh agus go leagfadh sé próiseas cur chun feidhme beartaithe amach tar éis dó deis a bheith aige dul i mbun tuilleadh comhairliúcháin ar na moltaí atá sa tuarascáil athbhreithnithe sheachtraigh ó Hook Tangaza, dul i dteagmháil le soláthraithe seirbhísí dlí agus le húsáideoirí seirbhísí dlí araon agus iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na moltaí ar an oideachas dlí agus ar an mórearnáil seirbhísí dlí.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an Údarás deis a thabhairt do gheallsealbhóirí agus don mhórphobal breithniú agus plé a dhéanamh ar na moltaí atá leagtha amach sa tuarascáil athbhreithnithe sheachtraigh ó Hook Tangaza ar feadh tréimhse agus siompóisiam poiblí a thionól ar an oideachas dlí ansin sa bhliain 2019. Tabharfaidh an siompóisiam poiblí sin fóram ag a mbeifear in ann plé agus scrúdú a dhéanamh ar na fionnachtana ón athbhreithniú seachtrach ó Hook Tangaza, ar cibé moltaí eile a dhéanfar le linn na tréimhse breithnithe agus plé, agus ar shaincheisteanna cur chun feidhme.

Le linn an phróisis sin, beidh geallsealbhóirí sa réimse seirbhísí dlí, sa réimse oideachais agus oiliúna dlí agus sa mhórphobal in ann iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach chun cinn. Cuirfidh an tÚdarás tuarascáil eile faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina dhiaidh sin, rud ina leagfar amach cibé moltaí is cuí leis i dtaca leis an oideachas agus an oiliúint dlí a sholáthar sa Stát.

Tá an tuarascáil ó fhoireann athbhreithnithe Hook Tangaza agus an tuarascáil ón Údarás chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis (www.isra.ie). Déantar achoimre i dtaobh-bharraí na tuarascála seo ar na príomh-mholtaí a rinne an fhoireann athbhreithnithe.

Dá mba mhaith leat aon tuairimí a chur in iúl nó aon aighneachtaí a dhéanamh maidir leis na moltaí ó Hook Tangaza nó maidir le haon ghné den athbhreithniú faoi alt 34, is féidir leat déanamh amhlaidh ach ríomhphost a sheoladh chuig an Údarás ag info@isra.ie.

Cuid a Cúig: Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha

Píosa tábhachtach eile oibre a bhí le déanamh ag an Údarás sa bhliain 2018 ba ea Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a bhunú.

Faoi Chuid 9 d'Acht 2015, ceanglaíodh ar an Údarás Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a bhunú agus ainm gach duine a bhí ina (h)abhóide cleachtach ar an dáta tosaithe a chur ar an Rolla laistigh de shé mhí ón dáta tosaithe.

Is é atá i Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha atá ar bun ag an Údarás ná clár a chuimsíonn ainm na n-abhcóidí uile atá i dteideal seirbhísí dlí a sholáthar sa Stát. Ceanglaítear ar an Údarás é a chothabháil ar bhonn leanúnach. Faoi alt 134(1) den Acht, ní mór do gach duine a glaodh chun Barra na hÉireann agus a bheartaíonn seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide iarratas a dhéanamh chuig an Údarás go gcuirfí a ainm nó a hainm ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha. Nuair is deimhin leis gur abhcóide cáilithe é an t-iarratasóir agus gur in ord atá an fhaisnéis a soláthraíodh, ní mór don Údarás ainm an abhcóide a chur ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.

An 29 Meitheamh 2018, tosaíodh na forálacha i gCuid 9 den Acht a bhaineann le Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha. Tháinig an chéim bunaithe sé mhí chun deiridh an 28 Nollaig 2018.

Chun Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chur ar bun, sholáthair an tÚdarás roinnt doiciméad treorach d'abhcoídí. Áiríodh leo sin: Treoir maidir le Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha; Treoir d'Abhcóidí Cleachtacha atá i bhFostaíocht; Treoir maidir le Seirbhís Lánaimseartha an Stáit; agus Treoir ina leagtar amach conas ba cheart an tIarratas a chomhlánú. Soláthraíodh gach ceann de na doiciméid sin i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Chun an Rolla a phoibliú agus chun a chur in iúl d'abhcoídí cleachtacha go bhfuil ceanglas dlíthiúil orthu iarratas a dhéanamh go gcuirfí a n-ainm ar an Rolla, chuir an tÚdarás fógraí suas ar líne agus sna meáin chlóite arís agus arís eile ar fud na céime bunaithe sé mhí. Scríobh an tÚdarás chuig Ranna Rialtais, rialálaithe agus gníomhaireachtaí eile freisin chun béim a leagan ar an bhfíric nach mór d'abhcoídí cleachtacha iarratas a dhéanamh go gcuirfí a n-ainm ar an Rolla.

Tá an tÚdarás fíorbhuíoch de Bharra na hÉireann agus de Chumann Onórach Óstaí an Rí araon as an gcabhair a thug siad chun an Rolla a bhunú. Rinne Barra na hÉireann gach beart féideartha chun a chinntiú go dtabharfaí cabhair phraiticiúil dá chuid comhaltaí agus iad ag déanamh iarratas go gcuirfí a n-ainm ar an Rolla. I measc na mbeart sin, sholáthair sé cóipeanna priontáilte den fhoirm iarratais, doiciméid treorach, agus meabhrúcháin agus an t-eolas is deireanaí trí ríomhphost. Sholáthair Cumann Onórach Óstaí an Rí acmhainní tiomnaithe chun cáilíochtaí na n-iarratasóirí a dheimhniú ar fud an phróisis.

Amhail an 31 Nollaig 2018, bhí 2,285 abhcóide liostaithe ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha. Comhaltaí den Leabharlann Dlí ba ea 1,995 dhuine de na habhcóidí sin.

Chuir an tÚdarás nósanna imeachta i bhfeidhm chun cóip den Rolla a chur ar fáil ina phríomhoifig le linn gnáthuaireanta oibre chun go mbeadh daoine den phobal in ann é a iniúchadh saor in aisce, faoi mar a cheanglaítear le halt 133(2) den Acht. Tá an tÚdarás ag iarraidh Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chur ar fáil ar líne le linn na bliana 2019.

Tosófar alt 136 d'Acht 2015 sa bhliain 2019. Is é an toradh a bheidh air sin gur ciontach i gcion coiriúil a bheidh aon abhcóide cáilithe atá ag soláthar seirbhísí dlí mar abhcóide gan a bheith ainmnithe ar Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.

Tá sé beartaithe freisin Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a bhreisiú sa bhliain 2019, faoi mar a cheadaítear le hAcht 2015, chun faisnéis bhreise amhail cáilíochtaí gairmiúla agus réimsí saineolais a chur ar áireamh ann.

Beart suntasach i mbunú an Údaráis is ea Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha. Ní hé amháin go bhfuil cothabháil Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha ina príomhfheidhm de chuid an Údaráis faoi alt 13(2)(f) d'Acht 2015, ach tá sí ina gné riachtanach freisin de ríomh agus riar an tobhaigh ar na gairmeacha dlí faoi Chuid 7 den Acht, rud atá ar phríomhshásra maoiniúcháin an Údaráis. Tá sí ina ceanglas tábhachtach freisin le haghaidh fhorfheidhmiú na rialachán maidir le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla do dhlí-chleachtóirí. Eiseoidh an tÚdarás na rialacháin sin sa bhliain 2019.

Is é atá i Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha ná an t-aon chlár amháin a chuimsíonn ainm na n-abhcóidí cáilithe uile atá i dteideal seirbhísí dlí a sholáthar in Éirinn, lena n-áirítear abhcóidí inmheánacha agus abhcóidí atá i seirbhís lánaimseartha an Stáit.

Cuid a Sé: An Bhunsraith a Leagan don bhliain 2019

Leanúint leis an gComhlacht Rialála Nua a Bhunú

Cé go ndearnadh an-chuid oibre ó bhunú an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí sa dlí an 1 Deireadh Fómhair 2016 i leith, táthar ag leanúint le hobair a bhfuil mar aidhm léi a chinntiú go mbeidh an tÚdarás in ann sainchúram leathan iomlán a chuid feidhmeanna agus cuspóirí faoin Acht a chomhlíonadh.

Faoi mar is féidir a fheiceáil sna rannáin eile sa tuarascáil seo, rinneadh dianiarracht chun go mbeadh na nósanna imeachta, an rialachas agus an bonneagar cuí i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeadh an tÚdarás ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag comhlíonadh na bhfreagrachtaí eile atá ar chomhlacht rialála nua-aimseartha.

Mar is féidir a bheith ag súil leis, teastaíonn a lán ama ina leith sin agus tá sé dian ar shaothar. Dá ainneoin sin, tá an tÚdarás tiomanta fós do leagan a dhéanamh ar an mbunsraith láidir nach mór comhlacht rialála nua atá neamhspleách agus éifeachtach a thógáil uirthi.

Faoi mar a luadh i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, is dúshlán eile don Údarás é cineál comhcheangailte Acht 2015. D'fhág sé gurb amhlaidh, chun an tÚdarás a thógáil agus a oibriú go héifeachtúil, go raibh sé riachtanach anailís chúramach a dhéanamh ar an Acht agus pleanáil chríochnúil a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil sé le cur chun feidhme. Tá dianobair ar bun ag an Údarás chun a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh na spriocdhátaí reachtúla go léir.

Rinne an fhoireann bheag san Údarás anailís chúramach chríochnúil ar na hailt chomhcheangailte den Acht agus tháirg sí an Plean Straitéiseach ón Údarás don tréimhse 2018-2020, rud a forbraíodh sa ráithe dheiridh den bhliain 2017 agus sa chéad ráithe den bhliain 2018. Cuireadh an Plean Straitéiseach faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i mí Aibreáin 2018 agus tá sé ag teacht leis an gComhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh atá i bhfeidhm idir an tÚdarás agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

I dtaca le tosú na bhfeidhmeanna go léir eile a chuirtear de chúram ar an Údarás le hAcht 2015, aithnítear sa Plean Straitéiseach gur gá baill foirne chúí a earcú agus a oiliúint, na córais riachtanacha TF a chur i bhfeidhm, áitribh eatramhacha agus bhuana a fháil agus an bonneagar breise a theastaíonn a fhorbairt chun déanamh amhlaidh. Sa Plean Straitéiseach, tugtar amlíne tháscach le haghaidh comhlíonadh a dhéanamh ar na príomh-gharspíocanna a theastaíonn chun tabhairt go sábháilte faoi raon iomlán na bhfeidhmeanna a cheanglaítear faoin Acht. Tá an Plean Straitéiseach ón Údarás ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

Soláthar Foirne

Cé go bhféadfaidh sé a fhoireann féin a cheapadh, ceanglaítear ar an Údarás faoi alt 25 d'Acht 2015 ceadú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil le haghaidh téarmaí agus coinníollacha fostaíochta agus an líon foirne agus na gráid foirne san Údarás a chinneadh. Bhí an tÚdarás i mbun teagmháil fhairsing leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca leis an struchtúr soláthar foirne agus an líon foirne atá beartaithe. Le linn na bliana 2018, d'oibrigh an tÚdarás i gcomhar le

sainchomhairleoir seachtrach chun Plean Fórsa Oibre don Údarás a chur i gcrích don tréimhse 2019-2020. Bhíothas an-chúramach agus cuireadh an-dua isteach chun a chinntiú go mbeadh an tsamhail a bhí beartaithe chomh barainneach agus chomh héifeachtúil agus ab fhéidir chun gur laistigh de theorainneacha réasúnacha a bheadh an maoiniú a theastaíonn a fháil trí bhíthin an tobhaigh ar na gairmeacha dlí. Cuireadh an Plean faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go luath sa bhliain 2019 lena breithniú agus lena ceadú. A luaithe a gheofar ceadú, cuirfidh an tÚdarás tús le baill foirne lánaimseartha a earcú go díreach.

Faoi alt 26 d'Acht 2015, féadfaidh an tÚdarás rogha a thabhairt do bhaill foirne chuí-cháilithe de chuid an Dlí-Chumainn agus Bharra na hÉireann aistriú chuig an Údarás. Sa bhliain 2018, chuir an tÚdarás tús le teagmháil fhoirmiúil leis an dá chomhlacht ghairmiúla maidir leis an aistriú féideartha ball foirne. Chuir Comhairle an Bharra in iúl go luath nach mbeadh duine ar bith de na baill foirne iomchuí ansin ag iarraidh aistriú chuig an Údarás. Tá an tÚdarás i mbun teagmháil fhairsing leis an Dlí-Chumann maidir leis na socruithe le haghaidh baill foirne a aistriú ó Roinn Gearán agus Rialála an Dlí-Chumainn agus ón mBinse Araíonachta Aturnaetha. Cé go ndearnadh an-chuid oibre ina leith sin sa bhliain 2018, beidh tuilleadh oibre ag teastáil sa bhliain 2019 chun a chinntiú gur ar bhonn cothromasach, oscailte agus trédhearcach a dhéanfaí aistriú na mball foirne.

An Fheidhm Gearáin faoi Chuid 6 d'Acht 2015

An t-aistriú ball foirne eolach a bhfuil taithí acu ar dhéileáil le gearáin a bhaineann leis an soláthar seirbhísí dlí, cabhróidh sé go mór lena chinntiú go mbeidh an tÚdarás in ann gearáin a fháil agus a imscrúdú sa bhliain 2019.

Is maith is eol don Údarás gur le tabhairt isteach na feidhme gearáin faoi Chuid 6 den Acht a bhaineann cuid shuntasach den spéis atá ag an bpobal in obair an Údaráis.

Sa bhliain 2018, chuir an tÚdarás anailís chúramach i gcrích ar an gcóras gearáin nua dá bhforáiltear faoin Acht, forbraíodh mapaí próisis don chóras nua, agus rinneadh an-dul chun cinn ar na bileoga treorach agus faisnéise, na teimpléid agus na samhlacha cinnteoireachta a theastaíonn.

Chuir an tÚdarás socruithe i bhfeidhm le haghaidh córas sealadach láimhseála cáis a thabhairt isteach chun cur ar chumas an Údaráis gearáin a fháil chomh luath agus is féidir.

Beidh tuilleadh oibre ag teastáil ina leith sin sa bhliain 2019, ar ndóigh. Beidh sé riachtanach an t-aistriú agus an t-earcú ball foirne a chur i gcrích, áitribh bhuana agus bonneagar breise a chur i bhfeidhm agus nósanna imeachta maidir le hidirghabháil gearáin agus réiteach neamhfhoirmiúil a dhearadh agus a chur chun feidhme. Chomh maith leis sin, ceanglófar ar an Údarás an Coiste Gearáin agus an Coiste Athbhreithnithe a chur ar bun. Is iad sin an dá phríomhchoiste rialála atá mar bhonn agus thaca ag feidhm gearáin an Údaráis. Ceanglófar ar an Údarás freisin tacaíocht lóistíochúil agus riaracháin a thabhairt don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí.

Ceann de na príomhnithe ar díriodh orthu i gclár oibre na bliana 2018 ba ea obair ar an bhfeidhm gearáin, de réir mar a leanann an tÚdarás ar aghaidh ag obair i dtreo na sprice straitéisí um chomhlacht rialála agus feidhm gearáin atá neamhspleách agus éifeachtach a thógáil.

Comhpháirtíochtaí Dlíthiúla agus Comhpháirtíochtaí faoi Dhliteanas Teoranta

Ní eile ar díriodh go mór air in obair an Údarás sa bhliain 2018 ba ea forbairt a dhéanamh ar an mbonneagar a theastaíonn chun Comhpháirtíochtaí Dlíthiúla agus Comhpháirtíochtaí faoi Dhliteanas Teoranta a thabhairt isteach. Tugadh tús áite don obair sin de bharr ceanglas reachtúil a leagadh síos in Acht 2015.

Ar fud na bliana 2018, cuireadh an-dua isteach sna nithe seo:

- forbairt a dhéanamh ar na rialacháin maidir le Comhpháirtíochtaí Dlíthiúla agus Comhpháirtíochtaí faoi Dhliteanas Teoranta a oibriú agus a bhainistiú,
- forbairt a dhéanamh ar rialacháin maidir le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla,
- comhairliúcháin fhairsinge a réachtáil leis na comhlachtaí gairmiúla agus le dlí-chleachtóirí nach comhaltaí de na comhlachtaí gairmiúla iad ach a d'fhéadfadh a bheith faoi réir na rialachán.

Cuireadh acmhainní ar fáil freisin le haghaidh dul i gcomhairle i dtaobh Cód Cleachtais d'Abhcóidí Cleachtacha agus é a fhorbairt, rud a chinnteoidh go mbeidh cothromas caighdeán ann i measc gach cineáil Abhcóide Chleachtaigh, mar a shainmhínítear in Acht 2015.

Tháinig forbairt ar na hionstraimí sin mar ba ghá thar roinnt dréachtaí agus trí theagmháil fhairsing le geallsealbhóirí tábhachtacha. Bhreithnigh an tÚdarás sraith dréachtrialachán ag an gcruinniú dá chuid i mí na Samhna 2018. Cuireadh ar áireamh sna rialacháin agus sa chód an t-aiseolas mionsonraithe a fuarthas ón Údarás agus an t-aiseolas mionsonraithe a fuarthas ó na comhairliúcháin leis na comhlachtaí gairmiúla agus leis an bpobal.

Ag forbairt dó ar an obair a cuireadh i gcrích sa bhliain 2018, tá sé beartaithe ag an Údarás na creataí lena dtabharfar Comhpháirtíochtaí Dlíthiúla agus Comhpháirtíochtaí faoi Dhliteanas Teoranta isteach a chur i bhfeidhm sa bhliain 2019. Áireofar leo sin clár poiblí um Chomhpháirtíochtaí Dlíthiúla agus clár poiblí um Chomhpháirtíochtaí faoi Dhliteanas Teoranta. Cuirfear an clár um Chomhpháirtíochtaí faoi Dhliteanas Teoranta ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údarás freisin.

De réir chonclúidí na dtuarascálacha reachtúla maidir le Cleachtais Ildisciplíneacha, is amhlaidh, a luaithe a bheidh Comhpháirtíochtaí Dlíthiúla agus Comhpháirtíochtaí faoi Dhliteanas Teoranta i bhfeidhm agus a bheidh go leor acmhainní ar fáil, go bhfillfidh an tÚdarás ar bhreithniú a dhéanamh ar a inmharthana atá Cleachtais Ildisciplíneacha.

Maoiniú agus an Tobhach ar na Gairmeacha

Faoi Acht 2015, tá dhá phríomhfhoinsé maoiniúcháin ag an Údarás. Is é an chéad fhoinsé ná cistí a thugtar mar airleacan don Údarás faoi alt 32 d'Acht 2015. Sonraítear san alt sin go dtabharfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar airleacan don Údarás na suimeanna sin a fhéadfaidh an tAire a chinneadh lena gcaitheamh ag an Údarás agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna. Foráiltear don dara foinsé maoiniúcháin le Cuid 7 den Acht, rud lena dtugtar tobhach isteach atá le hóc ag an Dlí-Chumann, ag Barra na hÉireann agus ag abhcóidí áirithe. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an tÚdarás i dteideal freisin táillí áirithe a ghearradh as gnéithe áirithe dá chuid oibre (e.g. i dtaca le Comhpháirtíochtaí Dlíthiúla agus Comhpháirtíochtaí faoi Dhliteanas Teoranta a chlárú).

Sa bhliain 2017, chuir an tÚdarás anailís chríochnúil i gcrích ar na forálacha reachtúla lena bhforáiltear do chur chun feidhme an tobhaigh ar na comhlachtaí gairmiúla agus d'oibrigh sé i ndlúthchomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina leith sin. Sa bhliain 2018, chuir an tÚdarás Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha ar bun. Gné bhunriachtanach den tobhach a ríomh agus a chur chun feidhme is ea an rolla sin.

Chuaigh an tÚdarás i mbun teagmháil leis an Dlí-Chumann agus le Barra na hÉireann i dtaca leis an tobhach agus sholáthair sé faisnéis a bhfuiltear dóchasach go mbainfear leas aisti chun críocha pleanála airgeadais.

Bhuail an tÚdarás leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais roinnt uaireanta sa bhliain 2018 freisin chun scrúdú a dhéanamh ar cheanglais an Achta i dtaca leis an tobhach agus ar conas is féidir iad a chur chun feidhme go rathúil. Ag forbairt dó ar an obair sin, tá sé beartaithe ag an Údarás fógraí tobhaigh a eisiúint sa bhliain 2019 chun speansais cheadaithe an Údaráis don bhliain 2018 a aisghabháil.

Teagmháil le Geallsealbhóirí

Le linn na bliana 2018, lean an tÚdarás ar aghaidh ag dul i mbun teagmháil le geallsealbhóirí tábhachtacha san earnáil dlí, le comhlachtaí dlí agus comhlachtaí rialála eile agus le gníomhaireachtaí cosanta tomhaltóirí.

Bhí cruinnithe rialta ag an Údarás leis an Dlí-Chumann, le hÓstaí an Rí, le Barra na hÉireann agus le Comhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath chun breac-chuntas a thabhairt ar an dul chun cinn a rinne an tÚdarás ar chur lena chumas chun Acht 2015 a chur chun feidhme. Chuir gach ceann de na heagraíochtaí fearadh na fáilte romhainn agus thug siad a gcuid ama go flaithiúil chun a n-eolas agus a dtaithí a chomhroinnt, agus aird á tabhairt acu ar neamhspleáchas an Údaráis le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Chuaigh an tÚdarás i mbun teagmháil le Comhlachais Bharra eile ar fud na tíre chun a chinntiú go mbeadh a gcomhaltaí ar an eolas faoin obair atá ar bun ag an Údarás, chun rannpháirtíocht sna comhairliúcháin phoiblí agus aighneachtaí ina leith a spreagadh agus chun aghaidh a thabhairt ar aon ábhair imní nó ceisteanna a tháinig chun cinn i dtaca le tosú fheidhmeanna an Údaráis.

Tar éis an tuarascáil faoi alt 34 maidir leis an oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí a chríochnú, bhí deis ag an Údarás seisiúin faisnéise faoi fhionnachtana na foirne athbhreithnithe neamhspleách agus an Údaráis a thabhairt don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus d'ionadaithe do na mórghnólachtaí dlí atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath.

Tá an tÚdarás buíoch de na comhlachtaí seo a leanas, i measc cinn eile, as an gcomhairle agus an chabhair a thug siad ar fud na bliana: an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí; an Rialálaí Carthanas; an tÚdarás Póilíneachta; Comhairle na nDochtúirí Leighis; an Chomhairle Mhúinteoireachta; an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh; an tSeirbhís Chúirteanna; Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann; an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta; agus Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.

Sa bhliain 2017, d'éirigh an tÚdarás ina chomhalta de Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, rud atá ina ardán le haghaidh caidreamh a chothú le líonra idirnáisiúnta rialálaithe dlí agus le haghaidh foghlaim agus an dea-chleachtas a chomhroinnt leis. Sa bhliain 2018, tugadh cuireadh do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis rannchuidiú le plé painéil ar chuntais faoi bhainistiú ag tríú páirtithe a thabhairt isteach san earnáil seirbhísí dlí.

Cuid a Sé: Rialachas agus Struchtúr

Freastal ar Chruinnithe an Údaráis

Tháinig an tÚdarás le chéile cúig huair sa bhliain 2018. Tá sceideal freastail ar chruinnithe an Údaráis leagtha amach thíos:

Dátaí	15/02/18	19/04/18	28/06/18	06/09/18	15/11/18
Comhaltaí					
Eileen Barrington	✓	✓	✓	x	✓
Angela Black	✓	✓	x	✓	✓
Geraldine Clarke	✓	✓	x	✓	✓
Joan Crawford	✓	✓	✓	✓	✓
Stephen Fitzpatrick	✓	✓	✓	✓	✓
Dermott Jewell	✓	✓	x	✓	✓
James MacGuill	✓	✓	✓	✓	✓
Deirdre McHugh	✓	✓	✓	✓	✓
Sara Moorhead*	x	x	✓	✓	✓
Don Thornhill (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓
Gerry Whyte	✓	✓	✓	✓	✓

*Arna ceapadh ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le litir dar dáta an 18 Bealtaine 2018. Rinneadh amhlaidh chun líonadh a dhéanamh ar chorrholúntas a tháinig chun cinn nuair a d'éirigh David Barnville, comhalta, as a ról san Údarás tar éis é a cheapadh chun na hArd-Chúirte sa cheathrú ráithe den bhliain 2017.

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Chuir an tÚdarás a Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ar bun i lár na bliana 2018. Déanann Stephen Fitzpatrick, comhalta den Údarás, cathaoirleacht ar Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis. Suíonn Angela Black agus Geraldine Clarke, comhaltaí den Údarás, ar an gCoiste freisin, i dteannta na gcomhaltaí seachtracha neamhspleácha den Choiste, mar atá Peter O'Brien agus Claire Byrne.

Tháinig an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile dhá uair sa bhliain 2018. Ionductaíodh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca go foirmiúil ag an gcéad chruinniú sa bhliain 2018, áit a ndearna sé na Téarmaí Tagartha agus an Chairt do Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis a athbhreithniú agus a cheadú freisin. Ag gach cruinniú, faigheann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faisnéis ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, déanann sé athbhreithniú foirmiúil ar Chlár Rioscaí an Údaráis, agus scrúdaíonn sé na bearta go léir atá déanta ag Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis chun na rioscaí a mhaolú. Ina theannta sin, déanann Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis athbhreithniú ar ráitis airgeadais agus faisnéis atá suas chun dáta ag gach cruinniú.

Déantar Clár Rioscaí, buiséad agus ráitis airgeadais an Údaráis a bhreithniú agus a mheas ag gach cruinniú de chuid an Údaráis freisin.

An Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca. Cruinnithe sa bhliain 2018		
Líon	Dáta	Freastal
1	13 Iúil 2018	<ul style="list-style-type: none"> • Stephen Fitzpatrick (Cathaoirleach) • Angela Black • Geraldine Clarke • Peter O'Brien • Claire Byrne
2	12 Deireadh Fómhair 2018	<ul style="list-style-type: none"> • Stephen Fitzpatrick (Cathaoirleach) • Angela Black • Peter O'Brien

Socruithe Rialachais

Comhlacht atá neamhspleách go reachtúil is ea an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí. Faoi alt 13(3) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, ceanglaítear ar an Údarás bheith neamhspleách agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige.

Treoraítear creat rialachais an Údaráis leo seo:

- an tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015;
- an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rud ar ghlac an tÚdarás é;
- an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit: Ceanglais Ghnó agus Tuairiscithe Airgeadais (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, lena n-áirítear an Cód Caiteachais Phoiblí.

Rinne an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí roinnt doiciméad rialachais a chur le chéile, lena n-áirítear:

- Cód Iompair do chomhaltaí agus baill foirne an Údaráis;
- Téarmaí Tagartha don Údarás;
- Sceideal de nithe a tharmligtear agus nithe a fhorchoimeádtar don Údarás;
- Beartas maidir le Nochtadh Cosanta;
- Beartas Cosanta Sonraí;
- Clár Rioscaí agus Straitéis Bainistíochta Riosca;
- Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais;
- Plean Straitéiseach 2018-2020; agus
- Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Sa bhliain 2018, rinne an tÚdarás a Lámhleabhar um Nósanna Imeachta Airgeadais a athbhreithniú agus a athrú chun dáta. Rinne an tÚdarás Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh a aontú agus a shíniú leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an 13 Iúil 2018 freisin.

Cuireadh na doiciméid sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis i gcás inarb iomchuí.

Ról an Údaráis agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Cheadaigh an tÚdarás téarmaí tagartha don Údarás. Leagtar amach iontu na ról faoi seach atá ag an Údarás agus ag an bPríomhfheidhmeannach.

An tÚdarás:

Tá an tÚdarás freagrach as na nithe seo a leanas:

- i. Treo straitéiseach agus mórfhleananna gníomhaíochta an Údaráis a athbhreithniú agus a threorú;
- ii. A chinntiú go gcomhlíonfar gach cuspóir reachtúil is infheidhme;
- iii. An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí;
- iv. Beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca;
- v. Buiséid bhliantúla agus pleananna gnó;
- vi. Cuspóirí feidhmíochta a leagan síos;
- vii. Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus comhlíonadh;
- viii. Maoirseacht a dhéanamh ar mhórbhreitheanna ar chaiteachas caipitil agus ar infheistíocht.

An Príomhfheidhmeannach

Tarmligeann an tÚdarás an fhreagracht oibríochtúil as reachtáil laethúil an Údaráis chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus chuig foireann ardbhainistíochta an Údaráis.

Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Údaráis ar chuireadh a fháil ó Chathaoirleach an Údaráis agus tugann sé tuairisc go rialta ar gach gné d'oibriú an Údaráis, de réir mar a éilíonn comhaltaí an Údaráis. Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin le haghaidh an t-eolas is deireanaí a thabhairt ar bhainistíocht riosca agus airgeadais.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin leagtha amach in Acht 2015. Sonraítear in alt 24(3) d'Acht 2015 go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

- (a) beartais agus breitheanna an Údaráis a chur chun feidhme,
- (b) foireann, riarachán agus gnó an Údaráis a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne,
- (c) bheith freagrach don Údarás as comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna, agus
- (d) aon fheidhmeanna eile (más ann) a chomhlíonadh a cheanglóidh an tÚdarás nó a údarófar faoin Acht seo.

Aon fheidhm de chuid an Údaráis, féadfaidh an Príomhfheidhmeannach nó aon bhall d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe go cuí ag an Údarás chun na críche sin í a chomhlíonadh nó féadfar í a chomhlíonadh tríothu sin faoi alt 13(7) d'Acht 2015.

Cinntíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin go gcoimeádtar an tÚdarás ar an eolas go hiomlán faoi shaincheisteanna straitéiseacha agus dúshláin straitéiseacha a théann i bhfeidhm ar an Údarás agus ar an timpeallacht ina n-oibríonn sé.

Coinbhleachtaí Leasa

D'fhorbair an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí "Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Leasanna". I gcomhréir leis an mbeartas agus leis na Cóid Iompair do Chomhaltaí agus Fostaithe an Údaráis, cláraíonn comhaltaí an Údaráis agus an Príomhfheidhmeannach a leasanna in aon ghnóthais iomchuí eile le Rúnaí an Údaráis ar iad a cheapadh agus ar bhonn bliantúil.

Meastóireacht Feidhmíochta

Sa bhliain 2018, rinneadh an chéad mheastóireacht féinmheasúnaithe ar fheidhmíocht an Údaráis, rud a cheanglaítear leis an gCód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Rinneadh an mheastóireacht trí bhíthin cleachtadh féinmheasúnaithe a bhí bunaithe ar an gceistneoir féinmheasúnaithe eiseamláireach atá leagtha amach sa Chód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ba é soláthraí seirbhísí cuntasáíochta an Údaráis a riar an ceistneoir féinmheasúnaithe. Le linn an chruinnithe de chuid an Údaráis i mí an Mheithimh, pléadh na téamaí agus na ceachtanna a d'eascair as an bpróiseas meastóireachta féinmheasúnaithe. Níor tháinig aon saincheisteanna chun cinn.

Soláthar

Is leis an gCód Caiteachais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a threoraítear an ghníomhaíocht soláthair ar fad arna déanamh ag an Údarás. D'fhorbair Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis Lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais. Áirítear leis Beartas Ceannaigh agus Soláthair atá i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Soláthar Poiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis na Treoirlínte Soláthair Phoiblí d'Earraí agus Seirbhísí ón Oifig um Sholáthar Rialtais (Iúil 2017). Rinneadh an lámhleabhar sin a athbhreithniú agus a athrú chun dáta sa bhliain 2018.

Sa bhliain 2018, iarradh cead foirmiúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nuair ba ghá roimh thosú aon ghníomhaíochta soláthair. Tá an tÚdarás buíoch as an treoir agus an chabhair leanúnach a fhaigheann sé ón Oifig um Sholáthar Rialtais le linn dó tabhairt faoina chleachtaí soláthair.

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Ar fud na bliana 2018, bhí an tÚdarás i mbun teagmháil fhairsing an athuair le hoifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. An 13 Iúil 2018, shínigh an tÚdarás Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorpáraidigh leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, faoi mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ghlac an tÚdarás an Cód sa bhliain 2017. Sa doiciméad sin, aithnítear neamhspleáchas an Údaráis agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna agus leagtar amach ról an Údaráis agus an Phríomhfheidhmeannaigh sna ceanglais rialachais a leagtar síos sa Chód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chomhlíonadh.

Faoi mar a cheanglaítear leis an gComhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorporáidigh, d'fhreastail an tÚdarás ar dhá chruinniú rialachais leis an rannán um Athchóiriú an Dlí Shibhialta sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2018. Le linn na gcruinnithe sin, thug an tÚdarás an t-eolas is deireanaí maidir le rialachas inmheánach, soláthar foirne agus tuairisciú reachtúil. Thug an rannán um Athchóiriú an Dlí Shibhialta an t-eolas is deireanaí maidir le nithe beartais, airgeadais agus reachtacha, lenar áiríodh tosú na n-alt eile d'Acht 2015. Rinneadh plé freisin ar fhorchur an tobhaigh agus ar fhorbairt na samhlacha nua le haghaidh seirbhísí dlí a sholáthar.

Lasmuigh de na Cruinnithe Rialachais a cheanglaítear leis an gCód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuirtear cruinnithe foirmiúla eile ar siúl ar bhonn rialta. Le linn na gcruinnithe sin, pléitear saincheisteanna comhleasa amhail Comhpháirtíochtaí Dlíthiúla agus Comhpháirtíochtaí faoi Dhliteanas Teoranta a chur chun feidhme, an t-oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí, forálacha maoiniúcháin agus tobhaigh, agus Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.

Tuairisciú Airgeadais

Chloígh an tÚdarás le gach nós imeachta iomchuí maidir le tuairisciú airgeadais sa bhliain 2018.

Chomhaontaigh na comhaltaí den Údarás buiséad bliantúil don bhliain 2018 ag an gcéad chruinniú dá chuid sa bhliain.

Chuir an Príomhfheidhmeannach cuntais bhainistíochta suas chun dáta i láthair ag gach cruinniú de chuid an Údaráis. Rinne na seirbhísí cuntasáíochta don Údarás cuntais bhainistíochta mhíosúla a chur faoi bhráid an Údaráis ar fud na bliana agus cuireadh i láthair an Choiste Feidhmiúcháin iad. Cinntíonn sé sin go mbíonn rochtain ag an bhfoireann ardbhainistíochta ar fhaisnéis ábhartha thráthúil airgeadais agus neamhairgeadais.

Rinneadh Ráiteas Airgeadais bliantúil ar Chuntais an Údaráis don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2016, an dáta bunaithe, go dtí an 31 Nollaig 2017 a ullmhú agus a chur faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi spriocdháta an 31 Márta 2018. Cheadaigh Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste cuntais iniúchta an 21 Nollaig 2018. Cuireadh na cuntais iniúchta faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, mar aon le Litir Uiríll shínithe, Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire agus cóip den tuarascáil iniúchóireachta a bhí le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

An Dlí Cánach

Chomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí na hoibleagáidí go léir a bhí air faoin dlí cánach sa bhliain 2018.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tá sé mar bheartas ag an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a chomhlíonadh ina n-iomláine. Thug an tÚdarás nósanna imeachta isteach chun a chinntiú go n-íocfaí gach sonrasc laistigh den teorainn ama reachtúil.

Cé go nglactar leis nach bhféadann nósanna imeachta a cheaptar chun comhlíonadh an Achta a chinntiú ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt nach mbeidh neamhchomhlíonadh ann, tabhaíodh táillí íocaíochta déanaí i leith cúig shonrasc sa bhliain 2018.

Tháinig na cásanna sin chun cinn mar thoradh ar fhadhb le sonraisc a fháil ó dhá sholáthraí. Réitíodh an fhadhb sin ó shin i leith.

B'ionann agus €9.36 iomlán na dtáillí íocaíochta déanaí a íocadh sa bhliain 2018.

Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá an tÚdarás cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

Tá Beartas Cosanta Sonraí an Údaráis ar fáil ar a shuíomh Gréasáin.

Saoráil Faisnéise

Comhlacht Saorála Faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, is ea an tÚdarás.

Tá Trédhearcacht agus Cuntasacht glactha ag an Údarás mar cheann amháin de na ceithre bhunluach atá aige. Tá an tÚdarás tiomanta do thrédhearcacht i dtaca lena chuid oibre agus lena chinnteoireacht. Ar aon dul le bunluach na trédhearcachta, foilsítear ar shuíomh Gréasáin an Údaráis na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Údaráis agus na pointí gníomhaíochta a eascraíonn astu. Tá gealltanais tugtha ag an Údarás freisin go bhfoilseoidh sé gach ceann de na tuarascálacha reachtúla arna n-ullmhú ag an Údarás nó thar a cheann. Cuirtear ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis freisin gach ceann de na haighneachtaí a dhéantar leis an Údarás mar chuid de chomhairliúcháin phoiblí.

Cuirtear faisnéis a bhaineann leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar chur chun feidhme Acht 2015 le suíomh Gréasáin an Údaráis ar bhonn rialta. Is féidir na doiciméid go léir maidir le príomhbheartais inmheánacha a léamh ar an suíomh freisin.

Cuireadh leaganacha Gaeilge de dhoiciméid treorach ar fáil sa bhliain 2018.

Fuair an tÚdarás dhá iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, sa bhliain 2018. Ba i gcomhréir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise a déileáladh leis an dá iarraidh sin.

Fuarthas líon mór ceisteanna ginearálta agus iarrataí ar fhaisnéis sa bhliain 2018. Ba le Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a bhain formhór na n-iarrataí ar fhaisnéis. Ba í an fhoireann tionscadail san Údarás a dhéileáladh le cur chun feidhme na gclár agus na rollaí go léir a cheanglaítear faoin Acht a thug freagra ar na ceisteanna a bhain leis an Rolla. Maidir le ceisteanna agus iarrataí ar fhaisnéis ghinearálta ón bpobal agus ó chomhaltaí de na gairmeacha dlí, is é an Coiste Feidhmiúcháin a admhaíonn iad agus a thugann freagra orthu. Tá sé mar chuspóir ag an Údarás gach ceist agus iarraidh a admháil laistigh de thrí lá ó iad a fháil agus freagra substainteach a eisiúint, nuair is féidir, laistigh de 14 lá.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Rinne an tÚdarás Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Cosanta a fhorbairt agus a thabhairt isteach. Cuireadh an beartas sin le chéile agus aird á tabhairt ar an "Treoir faoi alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, d'fhonn cabhrú le comhlachtaí poiblí a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht" ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus i gcomhréir le dualgais an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014.

Ní dhearnadh aon Nochtadh Cosanta don Údarás Rialála Seirbhísí Dlí sa bhliain 2018. Rinneadh tuarascáil ina léirítear an staid sin a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

Comhlíonadh an Chóid ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Ghlac an tÚdarás an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2017. Rinneadh anailís mhionsonraithe ar bhearnaí ar cheanglais an Chóid ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chur i láthair an Údaráis i mí na Samhna 2017 agus cuireadh socruithe rialachais i bhfeidhm ar fud na bliana 2018 chun a chinntiú go gcomhlíonfaí an Cód.

Níl ach beagán ball foirne agus acmhainní ar fáil ag an Údarás faoi láthair agus, cé go ndéantar gach iarracht réasúnach gach gné den Chód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chomhlíonadh, níl aon amhras ann go mbíonn sé dúshlánach déanamh amhlaidh.

Faoi dheireadh na bliana 2018, chomhlíon an tÚdarás an Cód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go hiomlán, gan na heisceachtaí seo a leanas a áireamh:

- Níl aon nós imeachta Fostaíochta nó Comhairleoireachta tar éis Scor/Éirí as Oifig forbartha ag an Údarás fós. Leagtar an ceanglas sin síos i mír 1.10 den Chód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Forbrófar an nós imeachta faoi dheireadh na bliana 2019.
- Níl aon Chairt Custaiméirí ná aon Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí forbartha ag an Údarás fós. Leagtar na ceanglais sin síos i míreanna 10.1 agus 10.5 den Chód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déanfar Cairt Custaiméirí an Údaráis a fhorbairt agus a thabhairt isteach sa bhliain 2019. Tabharfar isteach í i gcomhthráth le tosú na bhforálacha i gCuid 6 d'Acht 2015 maidir le gearáin a fháil agus a imscrúdú.

Déan Teagmháil Linn

Suíomh Gréasáin: www.lsr.ie

Ríomhphost: lsra-inbox@lsra.ie

Seoladh: An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Bosca O.P. 12906
Baile Átha Cliath 2